DO SHONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Sa ráiteas príobháideachais seo, tugtar eolas faoi phróiseáil agus cosaint do shonraí pearsanta.

Ráiteas Príobháideachais maidir le Cruinnithe agus Imeachtaí a eagraíonn an Coimisiún Eorpach

An oibríocht phróiseála: Comórtas Juvenes Translatores

Rialaitheoir Sonraí: *Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin, DGT.02*, sa Choimisiún Eorpach

Tagairt taifid: DPR-EC-01063

Clár

1. **Réamhrá**
2. **Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?**
3. **Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?**
4. **Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?**
5. **Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?**
6. **Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?**
7. **Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?**
8. **Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?**
9. **Sonraí teagmhála**
10. **Tuilleadh eolais**

1. Réamhrá

Tá an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún' anseo feasta) tiomanta do shonraí pearsanta a chosaint agus do phríobháideachas a urramú. Déanann an Coimisiún sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001).

Sa ráiteas príobháideachais seo, mínítear an fáth a bpróiseálaimid do chuid sonraí pearsanta i gcomhthéacs an chomórtais Juvenes Translatores. Mínítear ann an dóigh a ndéanaimid na sonraí pearsanta ar fad a thugtar dúinn a bhailiú, a láimhseáil agus a chosaint, an chaoi a n-úsáidtear iad, agus na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta. Tugtar ann freisin sonraí teagmhála an Rialaitheora Sonraí atá freagrach agus lenar féidir leat do chearta a fheidhmiú, sonraí teagmhála an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí.

Anseo thíos tá an t-eolas i ndáil le hoibríocht phróiseála **Juvenes Translatores 2026-2027** a fheidhmíonn *Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin,* Aonad DGT.02 – Cumarsáid – an Choimisiúin Eorpaigh.

2. Cén fáth agus cén chaoi a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

Cuspóir na hoibríochta próiseála: Déanann Aonad DGT.02 – Cumarsáid – de chuid Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin do shonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh chun eolas a thabhairt duit faoin gcomórtas Juvenes Translatores (roimh an gcomórtas, lena linn agus ina dhiaidh) agus faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas (i.e. taithí/gníomhaíochtaí malartacha Juvenes Translatores a chuireann comhghleacaithe Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin ar fáil i mBallstáit den Aontas, seisiúin teagaisc ar líne a thairgeann mic léinn in Ollscoileanna a chuireann an Mháistreacht Eorpach san Aistriúchán ar fáil), agus chun an d'iarratas ar rannpháirtíocht sa chomórtas agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas a phróiseáil.

Is féidir grianghraf a ghlacadh de na rannpháirtithe sa chomórtas agus sna gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas, agus is féidir iad a scannánú agus a thaifeadadh freisin, i bhformáid nach ndéantar eagarthóireacht uirthi nó a ndéantar eagarthóireacht theicniúil is gá uirthi.

Cuimsítear leis sin grianghrafadóireacht, scannánú agus taifeadadh closamhairc ar bhuaiteoirí an chomórtais, ar a múinteoirí agus ar a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí dlíthiúla le linn cuairt 3 lá ar an mBruiséil, a dtugtar cuireadh dóibh chuici. Mar chuid den chuairt sin tá an searmanas bronnta a ndéantar beoshruthú air. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar roinnt rannpháirtithe páirt a ghlacadh i bhfógairt na mbuaiteoirí ar líne, fógairt a dhéanfar a bheoshruthú.

Is féidir grianghraif agus taifeadtaí closamhairc a úsáid ar chainéil dhigiteacha an Choimisiúin Eorpaigh (cuntais Instagram agus Facebook AS an Aistriúcháin, suíomh gréasáin oifigiúil JT, YouTube, Linkedin) chun cumarsáid a dhéanamh faoin gcomórtas Juvenes Translatores agus faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas, agus chun an t-ilteangachas agus an fhoghlaim teanga a chur chun cinn agus chun eolas a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí a chuireann an Coimisiún Eorpach ar fáil do dhaltaí meánscoile agus dá múinteoirí.

Rannpháirtithe sa chomórtas agus i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas, a múinteoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí dlíthiúla na mbuaiteoirí nach mian leo a bheith páirteach sa ghrianghrafadóireacht, sa sruthú gréasáin agus sna gníomhaíochtaí taifeadta/foilsitheoireachta thuas, tá sé de cheart acu agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála trí ríomhphost a sheoladh chuig DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu roimh imeachtaí Juvenes

Translatores a bheidh ar siúl ar an láthair nó ar líne. Sa chás sin, cuirfidh an rialaitheoir sonraí réiteach malartach ar fáil. Ní úsáidfear do shonraí pearsanta le haghaidh aon chinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú san áireamh.

3. Cad iad na forais dlí ar a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Is dleathach iad oibríochtaí próiseála Juvenes Translatores, faoi Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725 (is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don institiúid nó don chomhlacht de chuid an Aontais).

Na hoibríochtaí próiseála a dhéantar ar shonraí pearsanta na gcainteoirí ag searmanas bronnta Juvenes Translatores agus ag gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas a dtugtar conradh i gcrích leo, déantar na hoibríochtaí sin i gcomhréir leis na forálacha conarthacha. Dá réir sin, tá an phróiseáil sin riachtanach agus dleathach faoi Airteagal 5(1)(c) de Rialachán (AE) 2018/1725 (is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh a chomhlíonadh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí nó chun bearta a dhéanamh arna n-iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé conradh).

Is gá do thoiliú a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

- grianghrafadóireacht, taifeadadh closamhairc agus sruthú gréasáin na n-imeachtaí agus na ngníomhaíochtaí i gcomhthéacs an chomórtais Juvenes Translatores.
- próiseáil do shonraí pearsanta a bhaineann le do chuid riachtanas cothaithe agus/nó le do chuid riachtanas maidir le foirgnimh institiúidí an Aontais a rochtain;
- próiseáil a dhéanamh ar an liosta rannpháirtithe le haghaidh shearmanas bronnta Juvenes Translatores agus le haghaidh imeachtaí eile a bhaineann leis an gcomórtas ina luaitear d'ainm, ainm na scoile, do thír thionscnaimh agus ainm do chathrach tionscnaimh;
- próiseáil a dhéanamh ar do shonraí pearsanta chun tú a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas Juvenes Translatores faoin ilteangachas agus faoin bhfoghlaim teanga a chuireann an Coimisiún Eorpach ar fáil do dhaltaí meánscoile agus do mhúinteoirí agus chun cuireadh a thabhairt duit chuig na gníomhaíochtaí sin.

Má thoilíonn tú, tugann tú do údarú sainráite dúinn faoi Airteagal 5(1)(d) de Rialachán (AE) 2018/1725 do shonraí pearsanta a phróiseáil chun na gcríoch sonrach sin. Féadfaidh tú do thoiliú a thabhairt le gníomh soiléir dearfach trí tic a chur sa/sna bhosca/boscaí ar fhoirm clárúcháin an chomórtais ar líne. Tabhair d'aire go bhfuil gá le do thoiliú chun páirt a ghlacadh sa chomórtas Juvenes Translatores.

Féadfar do thoiliú maidir le próiseáil do shonraí pearsanta chun na gcríoch sin a tharraingt siar am ar bith:

- Más mian leat do thoiliú a tharraingt siar, cuir ríomhphost chuig DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu.

4. Cé na sonraí pearsanta a bhailímid agus a phróiseálaimid?

Déanfar na sonraí pearsanta seo a leanas a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh:

- sonraí teagmhála an duine fhreagraigh ó na scoileanna rannpháirteacha (feidhm/teideal, céadainm, sloinne, ainm na scoile, cathair, tír, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin);

- sonraí teagmhála (céadainm, sloinne, ainm na scoile, cathair, tír) agus dáta breithe na ndaltaí a chláraítear don chomórtas nó do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas;
- baileofar uimhir náisiúntachta, uimhir phas nó uimhir cárta aitheantais agus an dáta eisiúna agus dáta éaga lena mbaineann, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin, chun gur féidir cuireadh a thabhairt do na hábhair sonraí chuig gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas Juvenes Translatores agus chun go mbeidh cead isteach acu san áit a mbeidh an searmanas bronnta agus imeachtaí eile ar siúl;
- iarratais speisialta maidir le haiste bia (más ann dóibh) agus riachtanais rochtana shonracha.

5. Cá fhad a choinneoimid do shonraí pearsanta?

Ní choinníonn an Rialaitheoir Sonraí do shonraí pearsanta ach amháin chomh fada is gá chun cuspóir a mbailithe a chomhlíonadh nó chun próiseáil bhreise a dhéanamh orthu.

Maidir leis na catagóirí sonraí pearsanta uile a phróiseáiltear, anseo thíos tá na mionsonraí coinneála agus an tagairt chuig an taifead ábhartha de:

- Na sonraí pearsanta uile a bhaineann le heagrú agus bainistiú an chomórtais Juvenes Translatores (an t-eolas a thugtar le linn clárúcháin, roimh an imeacht, lena linn nó ina dhiaidh san áireamh), scriosfar iad **aon bhliain amháin** tar éis na hoibríochta deireanaí próiseála i ndáil leis an gcuairt 3 lá ar an mBruiséil.
- Scriosfar sonraí pearsanta íogaire a bhaineann le riachtanais chothaithe agus/nó rochtana a luaithe nach mbeidh gá leo chun na críche dar bailíodh iad faoi chuimsiú an chomórtais Juvenes Translatores ach déanfar iad a scriosadh tráth nach déanaí ná **1 mhí amháin** tar éis dheireadh an tsearmanais bronnta.
- Coimeádfar taifid ón searmanas bronnta a ndearnadh sruthú gréasáin air ar feadh **2 bhliain** sula scriosfar ó shuíomh gréasáin EUROPA iad. Tá tuilleadh eolais le fáil sa Taifead den Phróiseáil DPR-EC-00306 (Sruthú gréasáin imeachtaí an Choimisiúin). Beidh na taifeadtaí ar fáil go poiblí ar chainéal Youtube Translating Europe ar feadh 5 bliana ar a mhéad. D'fhéadfaí taifeadtaí iomlána nó codanna díobh a choinneáil i gcartlann Ard-Stiúrthóireacht an Aistriúcháin ar feadh tréimhsí níos faide chun an t-ilteangachas agus an fhoghlaim teanga a chur chun cinn. Beidh sé de cheart ag rannpháirtithe san imeacht fós a iarraidh go scriosfaí a sonraí pearsanta, áfach, guth nó íomhá in-sainaitheanta san áireamh, i gcás inarb infheidhme faoi Airteagal 17 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad'). Déanfar measúnú ar iarrataí den sórt sin ar bhonn cás ar chás, i gcomhréir leis na rialacha cosanta sonraí is infheidhme.
- I gcás taifeadadh closamhairc agus grianghraif a ghlactar le linn na cuairte 3 lá ar an mBruiséil nó le linn gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an gcomórtas Juvenes Translatores, coimeádfar na taifeadtaí agus na grianghraif ar feadh **12 mhí** tar éis na cuairte/na gníomhaíochta sula scriosfar iad. Tá tuilleadh eolais le fáil sa Taifead den Phróiseáil DPR-EC-01937 (Taifeadadh closamhairc ar chruinnithe). D'fhéadfaí roinnt taifeadtaí closamhairc agus grianghraf a úsáid chun an comórtas a chur chun cinn ar feadh tréimhse níos faide, áfach, ar bhonn an toilithe shainráite a thugann na rannpháirtithe aonair lena mbaineann, a mbeidh sé de cheart acu, mar sin féin, a iarraidh go scriosfaí a sonraí pearsanta, guth nó íomhá in-sainaitheanta san áireamh.
- Sonraí pearsanta a roinntear le hArd-Stiúrthóireacht um Acmhainní Daonna agus um Shlándáil an Choimisiúin Eorpaigh chun cead isteach a fháil do na rannpháirtithe i bhfoirgnimh an Choimisiúin, coinneofar iad **ar feadh 6 mhí** tar éis deireadh a bheith curtha leis an nasc idir an t-ábhar sonraí agus an Coimisiún. Tá tuilleadh eolais le fáil sa Taifead den Phróiseáil DPR-EC-00655 (Córas Rialaithe Rochtana Fisicí an Choimisiúin).

- Soláthraithe seirbhíse áirithe chun críoch eagrúcháin (ar nós lónadóirí, gníomhairí taistil nó eagraíochtaí bainistithe imeachtaí), tá siad faoi cheangal conarthach sonraí pearsanta a phróiseáil thar ceann an rialaitheora sonraí agus sin a dhéanamh i gcomhréir leis na treoracha ón rialaitheoir sonraí, agus aon sonraí a phróiseálann siad a choimeád rúnda agus a chosaint ó rochtain, úsáid nó coinneáil neamhúdaraithe.

6. Cén chaoi a gcosnaímid do shonraí pearsanta?

Déantar na sonraí pearsanta uile atá i bhformáid leictreonach (ríomhphoist, doiciméid, bunachair sonraí, baisceanna sonraí uaslódáilte *etc.*) a stóráil ar fhreastalaithe an Choimisiúin Eorpaigh. Déantar na hoibríochtaí próiseála uile de bhun Chinneadh (AE, Euratom) 2017/46 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 maidir le slándáil na gcóras cumarsáide agus faisnéise sa Choimisiún Eorpach.

Tá conraitheoirí an Choimisiúin faoi cheangal clásal conarthach ar leith maidir le haon oibríocht phróiseála a dhéantar ar do chuid sonraí pearsanta thar ceann an Choimisiúin, agus tá siad faoi cheangal na n-oibleagáidí rúndachta a thagann as an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) Uimh. 2016/679*).*

Chun do shonraí pearsanta a chosaint, tá bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún. Ar na bearta teicniúla sin tá gníomhartha iomchuí chun dul i ngleic le slándáil ar líne, leis an mbaol go gcaillfí sonraí, go ndéanfaí sonraí a athrú nó go ndéanfaí rochtain neamhúdaraithe orthu, ag cur san áireamh an riosca atá i gceist leis an bpróiseáil agus na cineálacha sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Ar na bearta eagraíochtúla, ní dhéantar cead rochtana ar na sonraí a thabhairt ach do dhaoine údaraithe amháin a bhfuil gá dlisteanach acu leo chun críocha na hoibríochta próiseála seo.

7. Cé aige a mbeidh rochtain ar do shonraí pearsanta agus cé dó a nochtfar iad?

Tugtar rochtain ar do shonraí pearsanta d'fhostaithe an Choimisiúin atá freagrach as an oibríocht phróiseála sin a chur i gcrích agus do na baill foirne eile de chuid an Choimisiúin atá údaraithe de réir an phrionsabail 'ar bhonn riachtanais eolais'. Tá ceangal ar na baill foirne sin cloí le comhaontuithe dlíthiúla rúndachta, agus nuair is gá, le comhaontuithe breise rúndachta.

Féadfaimid d'eolas a roinnt freisin le conraitheoirí seachtracha ábhartha chun an taisteal, an chóiríocht agus na gníomhaíochtaí gaolmhara a eagrú le haghaidh bhuaiteoirí an chomórtais agus na rannpháirtithe eile sa chuairt 3 lá ar an mBruiséil agus le haghaidh gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis an gcomórtas Juvenes Translatores.

Déanfar ainmneacha na mbuaiteoirí, ainmneacha na scoileanna, ainmneacha a dtíortha, ainmneacha a gcathracha tionscnaimh agus na haistriúcháin bhuaiteacha a fhoilsiú ar chainéil chumarsáide dhigiteacha an Choimisiúin Eorpaigh, ar bhonn an toilithe a thug siad agus iad ag cur isteach ar an gcomórtas.

Féadfaimid freisin na grianghraif agus na físeáin a atáirgeadh, a chur ar fáil, a fhoilsiú, a dháileadh, a chóipeáil, a mhodhnú agus a chartlannú, agus díorthaigh (oiriúnuithe) a chruthú ach an físeán nó an grianghraf iomlán nó aon chuid díobh a úsáid; Chomh maith leis sin, is féidir linn na grianghraif agus na taifeadtaí closamhairc a úsáid astu féin nó in éineacht le gnéithe eile, in aon fhoirm nó in aon mheán ar bith (téacs, sonraí, íomhánna, grianghraif, léaráidí, beochaintí, grafaicí, míreanna físe, doiciméid páipéir, suíomhanna gréasáin agus aon ábhar leictreonach nó aon ábhar eile). Féadfaimid grianghraif agus físeáin a roinnt le pobail mheáin sheachtracha ar chainéil chumarsáide dhigiteacha an Choimisiúin Eorpaigh.

Fianáin

Is comhaid téacs ghearra iad fianáin a stórálann suíomh gréasáin ar ghaireas úsáideora (amhail ríomhaire, táibléad nó guthán). Baintear úsáid as fianáin le haghaidh feidhmiú teicniúil suímh gréasáin (fianáin fheidhmiúla) nó chun staidreamh a bhailiú (fianáin anailíseacha).

Déantar an clárú le haghaidh an chomórtais Juvenes Translatores trí shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh. Na fianáin a mbainfidh an Coimisiún Eorpach úsáid astu ar ghaireas an chláraithe chun na críche sin, cumhdaítear iad le beartas fianáin an Choimisiúin, atá le fáil anseo: https://ec.europa.eu/info/cookies_ga.

Nuair a théann tú chuig suíomh gréasáin/suíomhanna gréasáin ár gcomórtais agus nuair a chláraíonn tú, coimeádfaimid stair bhrabhsálaí chuairte ar feadh ***1 mhí amháin*** ar a mhéad. Ansin, scriosfar an t-eolas sin. Déantar sonraí a bhailiú, a chomhiomlánú agus a anaithnidiú i lárionad sonraí an Choimisiúin Eorpaigh faoi bhearta slándála leordhóthanacha.

Europa Analytics, an tseirbhís chorparáideach a dhéanann éifeachtacht agus éifeachtúlacht shuíomhanna gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar Europa a mheas, déanann sí fianáin a stóráil. Tá tuilleadh eolais le fáil sa Taifead den Phróiseáil DPR-EC-00083 (Europa Analytics).

Níl sé riachtanach na fianáin sin a chumasú i gcónaí ionas go n-oibreoidh an suíomh gréasáin ach beidh sé níos éasca ort an suíomh a bhrabhsáil má chumasaítear iad. Is féidir leat na fianáin sin a scriosadh nó a bhlocáil, ach má dhéanann tú sin b'fhéidir nach mbeadh roinnt gnéithe shuíomh gréasáin an chruinnithe/imeachta ag obair mar ba cheart.

Ní bhaintear leas as an eolas a bhaineann le fianáin chun ábhair sonraí a aithint go pearsanta agus tá smacht iomlán ag an gCoimisiún ar na sonraí brabhsála. Ní bhaintear aon úsáid eile as na fianáin sin seachas an úsáid a bhfuil cur síos déanta uirthi anseo.

I gcás nár mhaith leat do shonraí pearsanta a chur ar fáil dár staidreamh anaithnide comhiomlánaithe, féadfaidh tú roghnú gan bheith páirteach ar ár leathanach fianán. Go háirithe, is féidir leat na fianáin sin a rialú agus/nó a scriosadh de réir mar is mian leat.

Uirlisí TF tríú páirtí, lena n-áirítear na Meáin Shóisialta

Bainimid úsáid as uirlisí TF tríú páirtí chun daoine a chur ar an eolas faoin gcomórtas Juvenes Translatores agus faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas, faoin bhfoghlaim teanga, faoin ilteangachas agus faoi thionscadail an Aontais le haghaidh na hóige agus múinteoirí dara leibhéal agus chun na rudaí sin a chur chun cinn trí chainéil chumarsáide a úsáidtear go forleathan, na meáin shóisialta ina measc. Chun eolas mionsonraithe a fháil faoin úsáid a bhaineann an Coimisiún Eorpach as na meáin shóisialta, féach an Taifead Próiseála DPR-EC-00073 (Úsáid na Meán Sóisialta sa Choimisiún Eorpach).

Na físeáin a n-uaslódáiltear cuid acu go Youtube, agus na grianghraif a thógtar le linn thimthriall iomlán an chomórtais Juvenes Translatores agus le linn gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomórtas, is féidir féachaint orthu ar shuíomh gréasáin oifigiúil Juvenes Translatores agus ar na meáin shóisialta (YouTube, Facebook, Instagram agus Linkedin).

Chun do phríobháideachas a chosaint, nuair a bhainimid úsáid as uirlisí TF tríú páirtí chun ceangal leis na seirbhísí sin, ní shocraítear fianáin nuair a osclaítear ár leathanaigh ghréasáin ar do ríomhaire (nó ar ghairis eile), ná ní atreoraítear thú chuig na meáin shóisialta sin nó chuig suíomhanna gréasáin eile. Ní dhéanfar fianán de chuid na cuideachta meán sóisialta lena mbaineann a shuiteáil ar do ghaireas ach amháin má chliceálann tú ar chnaipe nó ar an gcnaipe 'Seinn' ar fhíseán chun féachaint air. Mura gcliceálann tú ar aon chnaipe nó fhíseán de chuid na meán sóisialta, ní dhéanfaidh tríú páirtithe aon fhianáin a shuiteáil ar do ghaireas.

Chun féachaint ar inneachar tríú páirtí den sórt sin ar ár suíomhanna gréasáin, cuirfidh teachtaireacht in iúl duit go gcaithfidh tú glacadh le Téarmaí agus Coinníollacha sonracha na dtríú páirtithe sin, ina measc a mbeartais fianán, nach bhfuil aon smacht ag an gCoimisiún orthu.

Molaimid d'úsáideoirí beartais phríobháideachais ábhartha Youtube, Facebook, Instagram agus LinkedIn a léamh go cúramach sula mbaineann siad úsáid astu. Mínítear iontu beartas gach cuideachta chun sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil a thuilleadh, an chaoi a mbaineann siad úsáid as sonraí, cearta úsáideoirí agus na bealaí ar féidir le húsáideoirí a bpríobháideachas a chosaint a fhad agus atá siad ag baint úsáid as na seirbhísí sin.

Le húsáid uirlise TF tríú páirtí, ní thugtar le fios ar bhealach ar bith go bhformhuiníonn an Coimisiún Eorpach an uirlis sin ná na beartais phríobháideachais a bhaineann léi. Mura mbíonn ceann amháin nó níos mó de na huirlisí TF tríú páirtí ar fáil ó am go chéile, ní ghlacaimid aon fhreagracht as easpa seirbhíse mar gheall ar neamhfhónamh.

8. Cé na cearta atá agat agus cén chaoi a bhfeidhmítear iad?

Tá cearta sonracha agat mar 'ábhar sonraí' faoi Chaibidil III (Airteagail 14-25) de Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe an ceart chun rochtain a bheith agat ar do shonraí pearsanta agus iad a cheartú i gcás ina bhfuil siad míchruinn nó neamhiomlán. I gcás inarb infheidhme, tá sé de cheart agat do shonraí pearsanta a scriosadh, srian a chur lena bpróiseáil agus agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála, agus tá an ceart chun iniomparthachta sonraí agat.

Tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta, agóid a dhéantar go dlíthiúil de bhun Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725, ar chúiseanna a bhaineann go sonrach le do chás féin.

Tá toilithe agat do shonraí pearsanta a chur ar fáil don rialaitheoir sonraí le haghaidh na hoibríochtaí próiseála reatha. Is féidir leat do thoiliú a tharraingt siar am ar bith ach fógra a thabhairt don rialaitheoir sonraí le ríomhphost chuig DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu. Ní dhéanfaidh tarraingt siar do thoilithe aon difear do dhlíthiúlacht na próiseála a rinneadh sular tharraing tú siar an toiliú.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, nó, i gcás easaontais, leis an Oifigeach Cosanta Sonraí. Más gá, is féidir leat dul i dteagmháil leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freisin. Tá a gcuid sonraí teagmhála le fáil faoi Cheannteideal 9 thíos.

I gcás inar mian leat do chearta a fheidhmiú i gcomhthéacs oibríochta próiseála ar leith amháin nó níos mó, déan cur síos orthu (i.e. a dtagairtí taifid mar atá sonraithe faoi Cheannteideal 10 thíos) i d'iarratas.

9. Sonraí teagmhála

- **An Rialaitheoir Sonraí**

Más mian leat do chearta a fheidhmiú faoi Rialachán (AE) 2018/1725, nó má tá tuairimí, ceisteanna nó ábhair imní agat, nó más mian leat gearán a dhéanamh faoi bhailiú agus úsáid do shonraí pearsanta, déan teagmháil leis an Rialaitheoir Sonraí trí ríomhphost a sheoladh chuig DGT-TRANSLATORES@ec.europa.eu.

- **Oifigeach Cosanta Sonraí an Choimisiúin**

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (DATA-PROTECTION-OFFICER@ec.europa.eu) maidir le ceisteanna a bhaineann le próiseáil do shonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2018/1725.

- **An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí**

Tá an ceart agat dul ar iontaoibh an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí (i.e. gearán a dhéanamh leis) (edps@edps.europa.eu) má mheasann tú gur sáraíodh do chearta faoi Rialachán (AE) 2018/1725 mar thoradh ar an rialaitheoir sonraí do shonraí pearsanta a phróiseáil.

10. Tuilleadh eolais

Foilsíonn an tOifigeach Cosanta Sonraí de chuid an Choimisiúin clár na n-oibríochtaí próiseála uile ar shonraí pearsanta atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach, oibríochtaí atá doiciméadaithe agus curtha in iúl dó. Tá an clár le fáil ag an nasc seo a leanas: http://ec.europa.eu/dpo-register.

Tá an oibríocht phróiseála shonrach sin curtha le clár poiblí an Oifigigh Cosanta Sonraí agus an tagairt taifid seo a leanas ag gabháil léi: DPR-EC-01063.